
# Na Lochlannaigh

## Píosa fíorasach

- Thuirling na Lochlannaigh i Meiriceá roimh Críostóir Colambas.
- Creid é nó ná creid, ach bhí cáil ar na Lochlannaigh mar ghrúpa an-ghlan ar fad.
- Bhíodh dhá bhéile acu gach lá, ceann amháin ar maidin agus an ceann eile san oíche.
- Ba í a chlaíomh an mhaoin ba luachmhaire a bhí acu.
- B'aoibhinn leo amhráin, scéalta agus tomhais.
- Rinne na Lochlannaigh sciáil don spraoi.
- Thaistil na Lochlannaigh i mbáid darbh ainm 'báid fhada' agus bhí spás iontu do 16 fhear.
- Ní raibh aon leithreas acu ar na báid.
- Nuair a fuair Lochlannach bás, cuireadh ar bhád é lena seilbh ar fad agus cuireadh amach chun farraige é nó cuireadh trí thine é.
- Ba iad Baile Átha Cliath, Loch Garman agus Port Láirge na chéad bhailte in Éirinn a thóg na Lochlannaigh.



## CEISTEANNA

1. **Cár thuirling na Lochlannaigh roimh Críostóir Colambas?** *(Where did the Vikings land before Christopher Columbus?)*
2. **Cé mhéad béile a bhí acu gach lá?** *(How many meals did they have a day?)*
3. **Céard a rinne siad don spraoi?** *(What did they do for fun?)*
4. **An raibh aon leithreas acu ar na báid?** *(Did they have any toilets on the boats?)*
5. **Céard a tharla nuair a fuair siad bás?** *(What happened when they died?)*

## FOCLÓIR

**na Lochlannaigh** *the Vikings*
**píosa fíorasach** *factual piece*
**thuirling** *landed*
**creid é nó ná creid** *believe it or not*
**béile** *meal* **claíomh** *sword*
**maoin** *possession*
**ba luachmhaire** *most valuable*

# Louis Braille



Rugadh Louis Braille ar an 4ú lá d'Eanáir 1809.
Bhí timpiste aige nuair a bhí sé óg agus chaill sé radharc na súl.
Bhí air gach rud a fhoghlaim trí lámh a leagadh air nó é a chloistéail.
Chuaigh sé ar scoil i scoil le haghaidh páistí dalla.
Lá amháin, tháinig saighdiúr isteach chun cainte leo agus mhúin sé an cód rúnda dóibh a úsáideann siad san oíche.

D'úsáid sé daiseanna agus poncanna in ionad litreacha.
Bheartaigh Louis Braille rud cosúil leis sin a dhéanamh do dhaoine dalla ionas go mbeidís in ann léamh.
D'úsáid an córas sé phonc ardaithe don aibítir ar fad.
Is é seo an córas a úsáideann na mílte duine dall timpeall an domhain anois chun léamh a dhéanamh.

## CEISTEANNA

1. **Cathain a rugadh Louis Braille?** *(When was Louis Braille born?)*
2. **Conas a chaill sé radharc na súl?** *(How did he lose his sight?)*
3. **Cé a tháinig chun cainte leo lá amháin?** *(Who came to talk to them one day?)*
4. **Céard a d'úsáid an córas?** *(What did the system use?)*
5. **An é seo an córas a úsáidtear anois?** *(Is this the system that is used nowadays?)*

## FOCLÓIR

**radharc** *sight*
**dall** *blind*
**cód rúnda** *secret code*
**daiseanna** *dashes*
**poncanna** *dots*
**córas** *system*

# Tuarisc Scoile

**Ainm: Síne Ní Laoide**

| Marc | Ábhar | Teachtaireacht |
|---|---|---|
| A+ | Gaeilge | Gaeilge iontach an bhliain ar fad! |
| B+ | Béarla | Is breá le Síne a bheith ag léamh. Is scéalaí iontach í chomh maith. |
| C | Mata | Bhí deacrachtaí ag Síne leis an mata i mbliana. Déan a lán cleachtaidh sa samhradh. |
| B+ | Stair | Rinne Síne a lán tionscnamh iontach i mbliana. |
| B | Eolaíocht | Rinne Síne a lán tuirgneamh maith. |
| B– | Tíreolas | D'fhoghlaim Síne a lán faoi thíreolaíocht na hÉireann i mbliana. |
| A+ | Ealaín | Bhí Síne i gcónaí ar fheabhas ag an ealaín. Tá an-tallann aici! |
| B+ | Ceol | Tá guth binn ag Síne. Thosaigh sí ag foghlaim an fheadóg stáin i mbliana. |

## CEISTEANNA

1. **Céard is ainm don chailín?** *(What is the girl's name?)*
2. **Cén grád a fuair Síne sa Ghaeilge?** *(What grade did Síne get in Irish?)*
3. **An raibh deacrachtaí ag Síne leis an mata?** *(Did Síne have problems with maths?)*
4. **Cén grád a fuair Síne sa cheol?** *(What grade did Síne get in music?)*
5. **Cén uirlis a thosaigh sí ag foghlaim i mbliana?** *(What instrument did she start learning this year?)*

## FOCLÓIR

**tuairisc scoile** *school report*
**teachtaireacht** *message*
**scéalaí** *storyteller*
**deacrachtaí** *difficulties*
**cleachtadh** *practice*
**tionscnamh** *project*
**tuirgneamh** *experiment*
**feadóg stáin** *tin whistle*

# Scoil Nua!



Chuaigh mé ar cuairt chuig mo scoil nua inné.
Is scoil an-mhór í, tríocha nóiméad ó mo theach.
Tá níos mó ná sé chéad dalta inti.
Tosaíonn an lá scoile ar a fiche chun a naoi.
Bíonn an lá críochnaithe ar a leathuair tar éis a trí.
Bíonn uair an chloig d'am lóin agat agus bíonn cead agat dul abhaile nó go dtí na siopaí.
Bíonn leath lae ann Dé Céadaoin.
Beidh mé ag foghlaim a lán ábhar nua, mar shampla, Fraincis agus Gearmáinis.
Tá seomra stáidéir ann agus seomra ealaíne ann chomh maith.
Tá mé ag tnúth le Meán Fómhair.
Beidh brón orm ar an lá deireanach sa scoil seo ach ceapaim go mbeidh an scoil nua ar fheabhas.


## CEISTEANNA

1 **Cá ndeachaigh an cailín inné?** *(Where did the girl go yesterday?)*
2 **Cé mhéad dalta atá sa scoil nua?** *(How many students are in the new school?)*
3 **Cén t-am a thosaíonn an lá scoile?** *(What time does the school day start?)*
4 **Cathain a bhíonn leath lae aici?** *(When does she have a half day?)*
5 **An bhfuil sí ag tnúth leis an scoil nua?** *(Is she looking forward to the new school?)*

### FOCLÓIR

**níos mó ná** *more than*
**leath lae** *half day*
**Fraincis** *French*
**Gearmáinis** *German*
**ag tnúth le** *looking forward to*
**lá deireanach** *last day*

# An Cheolchoirm




Tá deireadh na bliana ann.
Tá rang a sé le chéile taobh thiar den ardán.
Tá a gcuid tuismitheoirí agus páistí eile ina suí i halla na scoile. Tá ceolchoirm ar siúl agus tá na páistí neirbhíseach.



Ar a seacht a chlog cloiseann siad an príomhoide os comhair an chuirtín.
'Fáilte romhaibh go léir anocht go dtí ceolchoirm rang a sé. Tá áthas an domhain orm gach duine a fheiceáil. Tá rang a sé réidh, bainigí taitneamh as an gceolchoirm.'



Osclaíonn Iníon Ní Riain an cuirtín agus thosaigh an ceol. Tosnaíonn rang a sé ag canadh agus ag damhsa. Seinneann grúpa amháin ceol traidisiúnta.
Seinneann grúpa eile popcheol.



Críochnaíonn an cheolchoirm ar a hocht a chlog.
Bíonn bród mór ar na páistí agus ar a gcuid tuismitheoirí.

## CEISTEANNA

1 **Cá bhfuil rang a sé?** *(Where is 6th class?)*
2 **Cé atá ina suí sa halla?** *(Who is sitting in the hall?)*
3 **Cé a chloiseann rang a sé ar a seacht a chlog?** *(Who does 6th class hear at 7 o'clock?)*
4 **Cé a osclaíonn an cuirtín?** *(Who opens the curtain?)*
5 **An mbíonn bród ar a gcuid tuismitheoirí?** *(Are their parents proud?)*

**FOCLÓIR**

**taobh thiar** *behind*